# An Comhrá Náisiúnta ar an Oideachas– Spásanna Cruthaitheacha do Leanaí –

## Treoir d’Oideachasóirí

## Conas páirt a ghlacadh

Tá cuireadh á thabhairt ag an Aire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais Norma Foley do leanaí ó sheirbhísí Fhoghlaim agus Chúram na Luath-óige agus Cúraim Leanaí in Aois Scoile fud fad na tíre páirt a ghlacadh i Spásanna Cruthaitheacha do Leanaí ina gceiliúrfar an téama “An Áit a bhfoghlaimím agus a n-imrím”

Is é an cuspóir an deis a thabhairt do leanaí an chruthaitheacht, a muintearas, agus a dtaithí féin ar a suíomh (Cúram Leanaí/Iarscoile Luathbhlianta nó in Aois Scoile) a léiriú agus a nglór a chur san áireamh mar chuid de An Comhrá Náisiúnta ar an Oideachas – na Chéad 5 Bliana agus Cúram Leanaí in Aois Scoile

### Más maith le do sheirbhís páirt a ghlacadh, is é an t-aon rud is gá duit a dhéanamh:

- Labhairt leis na leanaí faoin gcuireadh a thug an tAire Foley dóibh chun insint di faoi na spásanna ina bhfoghlaimíonn agus ina n-imríonn siad tríd an ealaín chruthaitheach.
- Ábhair ealaíne éagsúla a úsáid chun An Áit a bhfoghlaimím agus a n-imrím a fhiosrú.
- Roinnt leideanna a úsáid leis na leanaí, cosúil le
    - Tarraing rud éigin a thaitníonn leat a dhéanamh anseo.
    - Cén áit is fearr leat inár suíomh?
    - Cad a thaitníonn leat agus cad ba mhaith leat níos mó de a dhéanamh?
    - Cén rudaí nach dtaitníonn leat?
    - Tarraing pictiúr díot féin anseo.
    - Cén rudaí a dhéanann an áit seo spraíúil?
    - Cad a thaitníonn leat a imirt nó a fhoghlaim anseo?
    - Cé a bhíonn leat nuair a bhíonn tú ag foghlaim?
    - Dá bhféadfá aon rud draíochtach a chur san áit seo, cad a bheadh ann?

AN COMHRÁ NÁISIÚNTA AR OIDEACHAS
PLÉIMIS NA LUATHBHLIANTA



An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais
Department of Children, Disability and Equality

- Tabhair cuireadh do leanaí machnamh a dhéanamh ar na rudaí a chruthaigh siad. Tabhair faoi deara an méid a deir leanaí faoin saothar ealaíne.
    - An féidir leat an scéal faoi do phictiúr a insint dom?
    - Cad é an chuid de do phictiúr is fearr leat?
    - An bhfuil aon rud ar mhaith leat go scríobhfainn faoi?

- Glac grianghraif de shaothair ealaíne na leanaí nó de shaothar ealaíne an ghrúpa agus seol iad chuig (cuirfidh an CCC sonraí ar fáil).

Is féidir le seirbhísí saothar ealaíne atá déanta cheana in irisleabhair foghlama a sheoladh chomh maith, má bhaineann sé leis an téama.

## Amlíne

### An 31 Márta-an 30 Aibreán

Tugann oideachasóirí/suíomhanna faoi ghníomhaíochtaí ealaíon leis na leanaí ina seirbhís.

### An 7 Bealtaine

An spriocdháta chun an leagan digiteach den saothar ealaíne a sheoladh chuig Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí (CCCanna) (tá ar an CCC an seoladh ríomhphoist a chur isteach).

### An 15 Bealtaine-an 31 Bealtaine

Bí ag faire amach do dhánlanna áitiúla ar shuíomh gréasáin agus i gcuntais mheán sóisialta do CCC do shaothar ealaíne do sheirbhíse.

**Tabhair faoi deara:** Is féidir saothair ealaíne a sheoltar chuig Spásanna Cruthaitheacha do Leanaí a fhoilsiú ar gov.ie, ar shuíomhanna gréasáin CCC, i ndoiciméid rialtais amach anseo, i dtuairiscí leantacha, agus i gcuntais mheán sóisialta. Glacfar leis, má sheoltar saothar ealaíne, go bhfuair seirbhísí toiliú ó leanaí agus tuismitheoirí don Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais agus na Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí.



